# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 12

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** 1 Nollaig 2025

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Measúnú – Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)** | Chuir an Feidhmeannas in iúl nach bhfuil scrúdú praiticiúil amháin inoibrithe de bharr ceisteanna iontaofachta, bailíochta agus indéantachta. Léirigh na comhaltaí díomá agus míshástacht nach bhféadfaí comhpháirt phraiticiúil a phlé agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuig praiticiúil an ábhair a choimeád. Rinne an mheitheal athbhreithniú ar an dréacht-CMB agus ar an treoir agus na tuairisceoirí samplacha, agus lorgaíodh breis soiléire maidir le formáidí na hoibre a leagfar isteach agus an gá chun tacú le rannpháirteachas praiticiúil tairbheach. Ardaíodh ceisteanna maidir le rogha an scoláire, ról na fianaise digití agus an chothromaíocht idir na gnéithe scríofa agus praiticiúla. |
| **Sonraíocht – Torthaí Foghlama** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar an dréachtsonraíocht agus mhol siad leasuithe spriocdhírithe chun an tsoiléireacht a fheabhsú, an trasnaíl leis an tSraith Shóisearach a laghdú agus an t-ailíniú leis an réasúnaíocht agus na haidhmeanna a neartú. Mhol na comhaltaí na briathra gnímh a mhionchoigeartú, torthaí foghlama áirithe a athrú nó a chomhcheangal agus SLAnna a shimpliú. Cuireadh ábhar imní in iúl maidir le cealú an tsnáithe aontaithigh, a síleadh roimhe seo a bheith lárnach don chomhleanúnachas. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: 9 Nollaig 2025** |